# COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE
# COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

## Fógra faoi Athrú Uimh. 1 a dhéanamh ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021

**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, arna leasú**
**Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú**
**Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2004**

Tugtar fógra leis seo de bhun Alt 13 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) go ndearna Comhairle Chontae na Gaillimhe, mar Údarás Pleanála do Chontae na Gaillimhe, Athrú (Uimh. 1) ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, ag a gcruinniú den Luan an 24ú Aibreán 2017, maidir leo seo a leanas:

1. Na bearta i Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) a chuimsiú nuair is ábhartha i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021;
2. Téacs, beartais agus cuspóirí áirithe atá i gCaibidil 2 agus i gCaibidil 5 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 a leasú;
3. Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe a áireamh mar chuspóir i dTábla 5.1 (Cuspóirí Infreastruchtúir Iompair Tosaíochta 2015 – 2021) i gCaibidil 5 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe;
4. "Léarscáil TI1 - Líonra Iompair Straitéiseach" i gCaibidil 5 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 a leasú chun:
    1. Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe a léiriú ar an mapa intlise.

Beidh cóip de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, arna leasú, le fáil lena iniúchadh ón **Aoine, 5ú Bealtaine 2017**, ag na hionaid seo a leanas:

- An Oifig Pleanála, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh;
- Oifigí Ceantair Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag gach leabharlann bhrainse i rith na ngnáthuaireanta oscailte:
- Tá Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, arna leasú, le fáil freisin lena iniúchadh ar láithreán gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag www.galway.ie.

Chun breis eolais a fháil déan teagmháil leis an bhFoireann Réamhphleanála ag Teil: 091 – 509043